Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 23 Feabhra 2022
(OR. fr)

Comhad Idirinstitiúideach:
2021/0428(COD)

6222/1/22
REV 1

JAI 180
FRONT 63
MIGR 47
COVID-19 42
SAN 89
TRANS 79
CODEC 150
COMIX 72

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/399 maidir le Cód an Aontais i dtaca leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha<br>– Díospóireacht bheartais |

An 14 Nollaig 2021, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Rialachán lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/399 maidir le Cód an Aontais i dtaca leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha. Tá sé d'aidhm ag an togra seo aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le hionstraimiú sreabh imirceach, ceachtanna a fhoghlaim ón bpaindéim trí chódú agus trí chreat a sholáthar le haghaidh bearta lena gcuirtear srian ar thaisteal chuig an limistéar Eorpach, athbhreithniú a dhéanamh ar an gcreat maidir le rialuithe ar theorainneacha inmheánacha agus gluaiseachtaí neamhúdaraithe a chosc ar bhealach níos fearr.

Tar éis cur i láthair faoi Uachtaránacht na Slóivéine an 14 Nollaig 2021, tugadh an chéad scrúdú ar an téacs chun críche an 26 Eanáir. An 24 Feabhra, mhol an Uachtaránacht an chéad dréacht-chomhréiteach maidir leis an téacs, atá á phlé faoi láthair ar an leibhéal teicniúil. Comhfhreagraíonn an dréacht sin do na chéad trí cinn de na ceithre mhír a bheidh le plé thíos. Déanfar é a thabhairt i gcrích trí chomhréiteach ar an téacs iomlán i mí an Mhárta.

Cuireann an Uachtaránacht i bhfios go láidir gur réamhriachtanas é na rialuithe ag ár dteorainn chomhchoiteann sheachtrach a neartú chun an limistéar gan rialuithe ag teorainneacha inmheánacha a fheidhmiú. In éineacht leis na hathchóirithe a glacadh cheana (Frontex a neartú, córais faisnéise agus idir-inoibritheacht a athchóiriú), faoi chaibidil (an cód comhair póilíneachta, Prüm agus an Comhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann) nó le linn an phróisis glactha (sásra meastóireachta Schengen) nó le hathbhreithniú a dhéanamh ar Chód Teorainneacha Schengen, cuirfear uirlisí nuachóirithe ar fáil do na Ballstáit chun aghaidh níos fearr a thabhairt ar rioscaí sláinte, imirce agus slándála. Sa chomhthéacs sin, is mian leis an Uachtaránacht leanúint de scrúdú a dhéanamh ar an togra ón gCoimisiún d'fhonn, más féidir, cur chuige ginearálta a ghlacadh ag Comhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile mhí an Mheithimh.

Chun na críche sin, iarrann an Uachtaránacht ar na hairí a dtuairimí a chur in iúl maidir leis na pointí seo a leanas, go háirithe maidir leis na míreanna i gcló trom a bheidh le plé.

**Ionstraimiú na himirce agus faireachas ar theorainneacha**

Sainítear sa togra ón gCoimisiún cad ba cheart a thuiscint le ionstraimiú na himirce (Airteagal 2) agus is é is aidhm dó an creat reachtach a chur in oiriúint do chásanna den sórt sin agus faireachas teorann a fheabhsú sa chomhthéacs sin (Airteagail 5 agus 13). Dá bhrí sin, tugtar deis do na Ballstáit atá i ngleic le cásanna den sórt sin a gcuid pointí trasnaithe teorann a dhúnadh (Airteagal 5) agus tugtar na modhanna chun trasnuithe neamhrialta teorann a chosc nó a bhrath ar bhealach níos fearr (Airteagal 13).

I rith na díospóireachta, pléadh dhá phríomhábhar agus cuireadh san áireamh iad sa togra comhréitigh:

- Baineann an chéad cheann leis na geallsealbhóirí atá le cur san áireamh agus ionstraimiú á shainiú: tá an chuma air gur fiú cuimhneamh ar an bhféidearthacht atá ag geallsealbhóirí nach ón stát iad ionstraimiú a dhéanamh chun réaltacht an fheiniméin a d'fhéadfadh athrú a chur san áireamh, agus idirdhealú á dhéanamh idir é agus an choireacht eagraithe.

- Baineann an dara ceann leis na modhanna atá ar fáil do na Ballstáit chun na cásanna sin a chomhrac: theastaigh ó roinnt Ballstát go mbeadh forálacha nua an Chóid níos follasaí maidir leis na modhanna faireachais ag an teorainn sheachtrach (Airteagal 13). Is faoi cheannasacht na mBallstát atá sé modhanna a roghnú a úsáidtear ag na teorainneacha seachtracha, agus níl sé i gceist le Cód Teorainneacha Schengen liosta uileghabhálach de na modhanna sin a chur ar fáil. Mar sin féin, thacaigh roinnt Ballstát le tagairt don fhéidearthacht bacainní fisiciúla a thógáil. Déantar foráil cheana féin i gCód Teorainneacha Schengen agus sa togra ón gCoimisiún i ndáil le faireachas den sórt sin a dhéanamh trí mheáin theicniúla, agus go háirithe modhanna leictreonacha agus trealamh agus córais faireachais, lena n-áirítear trí aonaid dho-aistrithe nó aonaid shoghluaiste. Tá sé beartaithe na tagairtí sin a neartú ach a shonrú ag an am céanna nach mór go mbeadh na modhanna a úsáidfear comhréireach agus nach mór urraim do chearta bunúsacha a ráthú.

**Bearta comhordaithe i gcás géarchéim shláinte ag na teorainneacha seachtracha**

Is é is aidhm don togra ón gCoimisiún bearta comhordaithe a fheabhsú ag na teorainneacha seachtracha i gcás géarchéim shláinte a bhféadfadh baol eipidéime a bheith ag gabháil léi lasmuigh den Aontas (Airteagal 2, Airteagal 21a agus Iarscríbhinn XI) trí chomhshásra. Is éard atá i gceist leis an sásra sin an riosca paindéime a shainaithint, rialachán maidir le srianta taistil chuig an Aontas Eorpach a ghlacadh, ar bhonn togra ón gCoimisiún, agus sainmhíniú ar thaisteal riachtanach (Iarscríbhinn XI).

Sa chomhthéacs sin, molann an Coimisiún gur cheart na bearta atá le cur i bhfeidhm a ghlacadh trí bhíthin rialachán cur chun feidhme ón gComhairle, a bhaineann go háirithe le trí ghné:

- na srianta ar dhul isteach a fhéadfaidh na Ballstáit a fhorchur;
- na bearta sláinte atá le forchur ar thaistealaithe ó thríú tíortha, ar bearta iad a d'fhéadfadh a bheith mar fhorlíonadh ar na srianta ar dhul isteach, amhail tástáil éigeantach, coraintín nó leithlisiú;
- liosta na gcatagóirí taistealaithe atá díolmhaithe ó shrianta.

**Iarrtar ar na hairí a chur in iúl an féidir, leis an togra ón gCoimisiún, dar leo, cothromaíocht iomchuí a aimsiú idir éifeachtacht agus solúbthacht maidir le gach ceann de na trí ghné.**

**Seiceálacha laistigh den chríoch agus nósanna imeachta aistrithe**

Déantar foráil sa togra ón gCoimisiún i ndáil le bearta nua a bheidh ar fáil in éagmais rialuithe ag teorainneacha inmheánacha. Tá sé i gceist leis na bearta sin slándáil níos fearr a áirithiú i limistéar Schengen agus comhar idir na Ballstáit a spreagadh.

I limistéir theorann, síntear leis an téacs, thar na húdaráis phóilíneachta amháin, raon feidhme na n-údarás atá inniúil chun seiceálacha a dhéanamh agus sonraítear ann raon feidhme na mbagairtí a chuirtear san áireamh sa mheasúnú riosca (Airteagal 23): chomh maith leis an gcoireacht trasteorann a chomhrac, a bhí san áireamh cheana i gCód Teorainneacha Schengen, tugtar údarás do na Ballstáit seiceálacha a dhéanamh ar dhlíthiúlacht an fhanachta nó bearta a dhéanamh chun riosca paindéime a chosc. Tugtar isteach leis an togra ón gCoimisiún freisin nós imeachta simplithe le haghaidh aistrithe idir na Ballstáit (Airteagal 23a) i gcásanna inar gabhadh náisiúnach tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach agus a tháinig go díreach ó Bhallstát eile i gcóngar na dteorainneacha inmheánacha. Tá an fhéidearthacht sin ar fáil i gcomhthéacs oibríochta trasteorann.

**Seiceálacha ag teorainneacha seachtracha a athbhunú**

Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún na coimircí nós imeachta a neartú i gcás rialuithe ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú go haontaobhach: sonraítear agus leathnaítear sa togra liosta na ngnéithe a mbeidh meastóireacht le déanamh orthu ag an mBallstát lena mbaineann, agus neartaítear ábhar na meastóireachta i gcás síneadh. Foráiltear leis freisin go mbunófar sásra freagartha Eorpach i gcás ina mbeidh tionchar ag an mbagairt chéanna ar thromlach na mBallstát ag an am céanna agus go gcuirfear feidhmiú foriomlán limistéar Schengen i mbaol dá bharr sin.

Thug an Coimisiún aird freisin ar thuairim an Abhcóide Ghinearálta in dhá chás atá ar feitheamh os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh[1], agus tá an breithiúnas féin fós ar feitheamh.

[1]. Cásanna Uamtha C-368/20, *Landespolizeidirektion Steiermark,* agus C-369/20, *Bezirkshauptmannschaft Leibnitz*.

Sa chéad scrúdú a rinne an Chomhairle ar an togra sin, clúdaíodh go háirithe na forais chun rialuithe a athbhunú, lena n-áirítear gluaiseachtaí tánaisteacha ar mórscála a chur san áireamh (Airteagal 25c) agus an nós imeachta chun seiceálacha a athbhunú (Airteagal 26). Ina theannta sin, iarradh soiléiriú maidir le sásra nua a chruthú i gcás ina mbeadh riosca ann d'fheidhmiú foriomlán limistéar Schengen (Airteagal 28).

Beidh na forálacha sin ina n-ábhar comhréitigh ón Uachtaránacht i mí an Mhárta.

**Iarrtar ar na hairí a dtuairimí a chur in iúl maidir leis an nós imeachta aistrithe simplithe agus maidir leis an sásra atá beartaithe chun seiceálacha ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú.**